# Bileog Oibre – Focail agus míniúcháin a bhaineann le gnéaschlaonadh

Le fáil thíos tá cuid de na focail a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar ghnéaschlaonadh daoine. An féidir leat na focail seo a mheaitseáil lena mhíniúcháin is oiriúnaí sa tábla thíos? Níl sa liosta seo ach sampla de na téarmaí difriúla a úsáideann daoine agus an ghnáthbhrí a luaitear leo. Is faoin duine féin a bhíonn sé i gcónaí cur síos a dhéanamh ar a g(h)néaschlaonadh féin.

**Déghnéasach, aerach, éighnéasach, heitrighnéasach, leispiach, panghnéasach, teacht amach, LAD+, homafóibe, heitreanormatacht.**

| | |
|---|---|
| | Duine nach mothaíonn mian chollaí riamh nó go hannamh. D'fhéadfadh dúil rómánsúil a bheith acu i ndaoine. |
| | Duine a bhfuil dúil ghnéasach agus/nó rómánsúil aige nó aici i níos mó ná inscne amháin. |
| | Tuairimí agus mothúcháin dhiúltacha maidir le daoine atá, nó a mheastar atá, leispiach, aerach, déghnéasach nó ag a bhfuil aon ghnéaschlaonadh eile seachas heitrighnéasach. |
| | Bean a bhfuil dúil ghnéasach agus/nó rómánsúil aici i mná eile. |
| | Fear a bhfuil dúil ghnéasach agus/nó rómánsúil aige i bhfir eile. Úsáideann roinnt ban an téarma 'aerach' seachas 'leispiach' chun cur síos a dhéanamh ar a ngnéaschlaonadh. |
| | Duine a bhfuil dúil ghnéasach agus/nó rómánsúil aige nó aici i ndaoine den ghnéas eile. |
| | Duine a bhfuil dúil ghnéasach agus/nó rómánsúil aige nó aici i ndaoine de gach féiniúlacht inscne. |
| | Ainm coiteann do dhaoine leispiacha, aeracha agus déghnéasacha, agus daoine de ghnéaschlaonadh eile, seachas daoine heitrighnéasacha. |
| | Do ghnéaschlaonadh a thuiscint agus glacadh leis agus insint do dhaoine eile faoi. |
| | An tuiscint go bhfuil gach duine heitrighnéasach, agus gurb é heitrighnéasacht "an norm". |

